Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0108(COD)**

**6643/20**
**ADD 1**

**CODEC 166**
**TRANS 101**
**CH 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar de chumhacht don Iodáil comhaontú a chaibidil agus a thabhairt i gcrích leis an Eilvéis lena n-údaraítear oibríochtaí cabatáiste le linn soláthar seirbhísí iompair idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar i gcóiste agus i mbus i réigiúin na teorann idir an dá thír **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh mhiontuarisicí COREPER**

Ní aontaíonn an Coimisiún le hAirteagal 2(1) CFAE a bheith fágtha ar lár ó bhunús dlí an chinnidh atá i gceist. Cé go dtugtar don Aontas in Airteagal 91 CFAE an chumhacht gníomhartha a ghlacadh maidir leis an mbeartas iompair, is faoi Airteagal 2(1) CFAE amháin a dhlitear cumhachtaí don reachtóir na Ballstáit a údarú le gníomhú in ionad an Aontais i réimse ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas. Dá bhrí sin ní féidir an cinneadh a ghlacadh ach ar bhonn an dá fhoráil sin.